Naomh Éanna

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chinniúint na loinge *Naomh Éanna*. Féach ar an tuairisc den chéad uair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. arrangement, _____
2. lapsed _____
3. to save _____
4. ferry and cargo boat _____
5. situated _____
6. twist in the boat's story _____
7. dock _____
8. to finalise _____
9. temporarily _____
10. Waterways Ireland _____

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, freagair na ceisteanna seo thíos anois leis an duine in aice leat:

1. Cén Ghaeilge a chuirfeadh sibh ar ghraifítí na loinge sa phictiúr: Save Our Ship?
2. Cad é ábhar na míre, dar libh?



Ceist 3 Féach ar an mír den chéad uair agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cuir d'achoimre i gcomparáid le ceann an duine in aice leat.

Ceist 4 An tuiseal ginideach uatha

Cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal sa tuiseal ginideach uatha sna samplaí thíos. Mura bhfuil tú cinnte faoin leagan ceart féach ar www.teanglann.ie.

- úinéirí (an seanbhád) _____
- lucht (an feachtas) _____
- bád (lastas) _____
- le linn (an t-am) _____

- duga (an Chanáil Mhór)* _____
- dóthain (airgead) _____

Féach ar an mír arís le do chuid freagraí a sheiceáil.

Ceist 5 Tréaniolraí agus lagiolraí

An tseachtain seo caite, phléigh muid an t-eolas ar fad a léirítear faoi ainmfhocail ar www.teanglann.ie. Féach:

cupán1, *m.* (*gs. & npl.* **-áin,** *gpl.* **~**). **1.** Cup
sráid, *f.* (*gs.* **~e,** *pl.* **~eanna**).**1.** Street.

1. An tréaniolraí nó lagiolraí iad na hiolraí atá ag na ainmfhocail thuas? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?
2. Bhí na samplaí seo a leanas sa mhír. Cuir foirm iolra na n-ainmfhocal sna bearnaí agus cuir in iúl cé acu lagiolra nó tréaniolra atá i gceist.

    - ó dheireadh na (caoga) _____
    - i measc na (plean) _____

3. Cad faoi na cinn seo anois:

    - bád na (úinéir) _____
    - úinéirí na (seanbhád) _____
    - maitheas na (feachtas) _____
    - de réir na (cosúlacht) _____
    - ag léamh na (pointe) _____
    - drochbhail na (duga) _____
    - pointí na (comhaontú) _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Ar chaith tú seal ar aon oileán amach ó chósta na hÉireann? Déan cur síos ar an eispéireas sin.
2. Cén tábhacht a bhaineann le long ar nós *Naomh Éanna* a athchóiriú agus a chaomhnú, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. arrangement	*socrú*
2. lapsed	*imithe i léig*
3. to save	*a thabhairt slán*
4. ferry and cargo boat	*bád farantóireachta agus lastais*
5. situated	*lonnaithe*
6. twist in the boat's story	*casadh i scéal an bháid*
7. dock	*duga*
8. to finalise	*a thabhairt chun críche*
9. temporarily	*ar bhonn sealadach*
10. Waterways Ireland	*Uiscebhealaí Éireann*

Ceist 2

1. 'Caomhnaigh/Sábháil Ár Long'.
2. Tuairimíocht atá i gceist.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

úinéirí (an seanbhád)	*an tseanbháid*
lucht (an feachtas)	*an fheachtais*
bád (lastas)	*lastais*
le linn (an t-am)	*an ama*
duga (an Chanáil Mhór)*	*na Canálach Móire*
dóthain (airgead)	*airgid*

**(Is minic leagan malartach ag logainmneacha. Ba cheart iad a sheiceáil i gcónaí ar www.logainm.ie.)*

Ceist 5

1. Cupán – lagiolra, mar ní hionann an leagan den ainmfhocal san iolra agus sa tuiseal ginideach iolra.
   Sráid – tréaniolra, mar is ionann an leagan den ainmfhocal san iolra agus sa tuiseal ginideach iolra.
2. Féach:
   - ó dheireadh na gcaogaidí (lagiolra)
   - i measc na bpleananna (tréaniolra)
3. Féach:
   - bád na n-úinéirí (tréaniolra)
   - úinéirí na seanbhád (lagiolra)
   - maitheas na bhfeachtas (lagiolra)
   - de réir na gcosúlachtaí (tréaniolra)
   - ag léamh na bpointí (tréaniolra)
   - drochbhail na ndugaí (tréaniolra)
   - pointí na gcomhaontuithe (tréaniolra)

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Tá sé curtha in iúl ag NAMA do Nuacht TG4, go bhfuil an socrú a bhí acu le húinéirí an tseanbháid an *Naomh Éanna*, maidir le hí a choinneáil ar ché dá gcuid i mBaile Átha Cliath, imithe i léig ó 2019. Bhí feachtas ar bun le roinnt blianta, ag iarraidh an bád farantóireachta a bhíodh ag freastal ar Oileán Árann, a thabhairt slán. Ach, deir lucht an fheachtais inniu, nach bhfuil aon mhaith déanta.

Áine Lally
Tá stair mhór ag baint leis an *Naomh Éanna*, mar gur chaith sí breis is tríocha bliain ina bád farantóireachta agus lastais idir Gaillimh agus Árainn ó dheireadh na gcaogaidí. Os cionn ceithre bliana ó shin, chuir Sam Field Corbett agus grúpa tacaíochta an tseanbháid, feachtas ar bun ag iarraidh í a thabhairt slán óna titim. Le linn an ama seo, leagadh amach trí phlean déag gnó ina raibh sé i gceist obair mhór a dhéanamh uirthi. I measc na bpleananna sin, bhí sé i gceist músaem, óstán agus caifé a dhéanamh di, agus bhí súil go mbeadh sí lonnaithe i nGaillimh.

Is iomaí casadh i scéal an bháid seo ó cuireadh feachtas ar bun chun í a shábháil. Is i nduga na Canálach Móire sa bpríomhchathair atá sí inniu.

Micheál Ó Cionna, 'Killary Fjord Boat Tours' agus Grúpa Tacaíochta *Naomh Éanna*
Faraor, tá an chosúlacht ann go bhfuil deireadh tagtha leis an *Naomh Éanna* ag an bpointe seo. Chaith Sam Corbett ceithre nó cúig de bhlianta ag iarraidh an long a shábháil, agus bhí mise ag cabhrú leis, leis an bplean a bhí aige í a thabhairt siar anseo go Gaillimh, le bheith lonnaithe thíos sa seanduga ansin, i lár Chathair na Gaillimhe. Ach, is cosúil nach bhfuil aon am fágtha le hí a shábháil agus ní raibh muid in ann sa deireadh dóthain airgid a chur le chéile chun an togra a thabhairt chun críche.

Áine Lally
Thug NAMA le fios do Nuacht TG4 inniu, nach leo an *Naomh Éanna* ach gur leo an áit ina bhfuil sí anois. In 2015, tugadh cead d'úinéirí an bháid suíomh NAMA a úsáid ar bhonn sealadach. Tá an comhaontú sin imithe i léig ó 2019. Faoi láthair, tá NAMA, a deir siad, mar aon le hUiscebhealaí Éireann ag féachaint ar na roghanna atá acu anois maidir leis an suíomh.

Áine Lally, Nuacht TG4.